Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh. H91 X4K8 •
City Hall, College Road, Galway. H91 X4K8
091-536400 • customerservice@galwaycity.ie
www.galwaycity.ie @GalwayCityCo
www.facebook.com/GalwayCityCouncil/

## Fógra Iarratais leis an mBord Pleanála ar Fhaomhadh

**FÓGRA DE BHUN: ALT 177AE DEN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (ARNA LEASÚ) AGUS NA RIALACHÁIN UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2001 ARNA LEASÚ COMHAIRLE CATHRACH NA GAILLIMHE 17-20 BÓTHAR NA GCEANNAITHE ÍOCHTARACH FORBAIRT ÚSÁIDE MEASCTHA**

Bhí na dátaí míchearta don tréimhse chigireachta poiblí agus na dátaí míchearta faoina bhfuil aighneachtaí/breathnóireacht le fáil ag an mBord Pleanála san fhógra nuachtáin a foilsíodh an 3 Feabhra 2022. Ba cheart an méid seo a leanas a bheith luaite san fhógra nuachtáin:

Tá cóip den Ráiteas Tionchair Natura agus de Phleananna agus de Shonraí na forbartha a bheartaítear ar fáil ar láithreán gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ag www.galwaycity.ie/planning-news. Beidh cóip den Ráiteas Tionchair Natura agus de Phleananna agus de Shonraí na forbartha a bheartaítear ar fáil freisin d'iniúchadh ag an bpobal ag Oifigí Pleanála Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Cathair na Gaillimhe, ar feadh tréimhse íosta 6 seachtaine ón 3 Feabhra 2022 go dtí an 13 Aibreán 2022, na dátaí siúd san áireamh (gan Saoirí Bainc agus Saoirí Poiblí a áireamh) ó 10am go 1pm ó Luan go hAoine, nó lena gceannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnta atá ar chóip a dhéanamh. Mar gheall ar phaindéim Covid-19, ní bheidh oifigí na Comhairle inrochtana ach trí choinne a dhéanamh roimh ré. Déan teagmháil, le do thoil, le Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar an nguthán trí ghlaoch ar 091-536599 nó trí ríomhphost a sheoladh chuig planning@galwaycity.ie má bhíonn aon cheisteanna agat nó más mian leat coinne a shocrú.
Is féidir aighneachtaí nó breathnóireacht a dhéanamh i scríbhinn le An Bord Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath, D01 V902 tráth nach déanaí ná 5.30pm an 13 Aibreán 2022.
Is féidir aighneachtaí nó breathnóireacht a dhéanamh leis an mBord Pleanála i dtaca leis an bhforbairt a bheartaítear maidir le:
- Impleachtaí na forbartha a bheartaítear i leith pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe sa limistéir atá i gceist;
- Na héifeachtaí dóchúla ar an timpeallacht a bheidh ag an bhforbairt a bheartaítear, agus
- Éifeachtaí dóchúla suntasacha na forbartha a bheartaítear ar Shuíomh Eorpach, má thugtar faoin bhforbairt.

## Notice of Application to An Bord Pleanála for Approval

**NOTICE PURSUANT TO: SECTION 177AE OF THE PLANNING AND DEVELOPENT ACT 2000 (AS AMENDED) AND THE PLANNING AND DEVELOPMENT REGULATIONS 2001 (AS AMENDED)**
**GALWAY CITY COUNCIL 17-20 MERCHANTS ROAD LOWER MIXED USE DEVELOPMENT**

The newspaper notice published on 3 February 2022 had incorrect dates for the public inspection period and for submissions/observations to be received by An Bord Pleanala. The newspaper notice should have stated that:

A copy of the Natura Impact Statement and the Plans and Particulars of the proposed development are available on the website of Galway City Council at www.galwaycity.ie/planning-news. A copy of the Natura Impact Statement and the Plans and Particulars of the proposed development will also be available for public inspection at the Planning Offices of Galway City Council, City Hall, College Road, Galway City, for a minimum period of 6 weeks from 3rd February 2022 until 13th April 2022 inclusive (excluding Bank Holidays and Public Holidays) from 10 am to 1pm Monday to Friday, or purchase for a fee not exceeding the reasonable cost of making a copy. Due to the Covid-19 pandemic the Council's offices are accessible by prior appointment only. Please contact Galway City Council by phone 091-536599 or email at planning@galwaycity.ie if you have any queries or wish to arrange an appointment.
Submissions or observations may be made in writing to An Bord Pleanala, 64 Marlborough Street, Dublin, D01 V902 not later than 5.30pm on 13th April 2022.
Submissions or observations may be made to An Bord Pleanála on the proposed development in relation to:
- The implications of the proposed development for proper planning and sustainable development in the area concerned;
- The likely effects on the environment of the proposed development, and
- The likely significant effects of the proposed development on a European Site, if carried out.

## Seolann an Méara Gradaim Mhéara Chathair na Gaillimhe mar aitheantas ar bhliain eisceachtúil eile san obair dheonach

**Tá ainmniúcháin do Ghradaim an Mhéara do 2021 OSCAILTE anois.**

Tá fíoráthas orm Gradaim Bhliantúla an Mhéara a fhógairt inniu, Dé Luain an 28 Feabhra 2022. Déanann na gradaim seo comóradh ar an obair iontach atá déanta ag daoine aonair, grúpaí pobail agus deonacha ar fud Chathair na Gaillimhe.
Mar Mhéara, táim ag spreagadh daoine aonair, grúpaí pobail agus deonacha ainmnithe a chur chun cinn a bhfuil fíordhifríocht déanta acu ina bpobal.
Tugann Gradaim an Mhéara deis aitheantas a thabhairt do dhaoine a thugann a gcuid ama agus a dhéanann tréaniarracht chun áit níos fearr a dhéanamh dá bpobal. Tá aithne againn go léir ar dhaoine a fhaigheann am fós tacú lena comharsana, grúpaí áitiúla agus pobail ar bhealach an-suntasach, d'ainneoin a saolta fíorghnóthacha. Má tá duine aonair nó grúpa ann a bhfuil aitheantas tuillte acu as a gcuid iarrachtaí, ainmnigh iad le do thoil. Ar an ócáid seo, an naoú mbliain déag de na Gradaim, táim ag tnúth le fíor-spiorad pobail a aithint agus a cheiliúradh de réir thraidisiún seanbhunaithe na meithle Gaelaigh a thugann pobail le chéile.
In ainnaoin amanta dúshlánacha i rith 2021, lean go leor daoine orthu ag déanamh sáriarrachtaí chun leanúint lena gcuid oibre deonaí. Ba mhaith le Comhairle Cathrach na Gaillimhe go mbeadh a fhios ag na hoibrithe deonacha go léir go bhfuil meas mór millteach ar an méid a dhéanann siad agus go ndéantar an obair dheonach a cheiliúradh mar gheall ar a luach bunúsach dár sochaí, ag cabhrú le pobail bhríomhara, ionchuimsitheacha agus inbhuanaithe a fhorbairt.
Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag lorg ainmniúcháin do dhaoine aonair nó do ghrúpaí a bhfuil baint acu le gníomhaíocht dheonach a bhíonn ar siúl sa chathair i gceann de na catagóirí seo a leanas:

- **Gradam na nEalaíon, Cultúir, Oidhreachta & Cúrsaí Gaeilge**
- **Gradam do Chúrsaí Comharsanachta agus Áitritheoirí**
- **Gradam do Sheirbhísí Pobail agus Cuimsiú Sóisialta (Gradam Aonair & Gradam Grúpa)**
- **Gradam d'Oibrí Deonach Scothaosta na Bliana**
- **Gradam d'Oibrí Deonach Spóirt na Bliana**
- **Gradam do Ghasúir agus don Óige**
- **Gradam d'Oibrí Deonach Óg na Bliana**
- **Gradam Inbhuanaitheachta ó thaobh an Chomhshaoil**
- **Gradam Oibrí Deonach na Bliana Chomhairle Cathrach na Gaillimhe**

Más mian leat duine aonair nó grúpa a ainmniú le haghaidh aon cheann de na catagóirí gradaim seo, is féidir leat foirm ainmniúcháin ar líne a chomhlánú ag www.galwaycity.ie/MayorsAwardsNomination. Tá foirmeacha ainmniúcháin ar fáil chomh maith ó Halla na Cathrach agus ó Leabharlanna na Cathrach.

Is é Dé hAoine, 1ú Aibreán 2022 ag 4in an dáta dúnta le haghaidh aighneachtaí ar líne. Bronnfar trófaí atá coimisiúnaithe go speisialta agus íocaíocht €500 ar gach duine de bhuaiteoirí na ngradam. Bronnfar Teastas an Mhéara atá deartha go speisialta ar gach duine a fhaigheann ainmniúchán ag Searmanas na nGradam a bheidh ar siúl Dé Máirt 24ú Bealtaine 2022 in Óstán Galmont, Gaillimh.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoi Ghradaim an Mhéara seol ríomhphost le do thoil chuig mayorsawards@galwaycity.ie nó glaoigh ar 091 536 358.

## Mayor launches Galway City Mayor's Awards in recognition of another exceptional year of volunteering

**Nominations for the Mayor's Awards for 2021 are now OPEN.**

I am delighted to announce the Annual Mayor's Awards was launched on Monday 28th February 2022. These awards mark outstanding contributions made by individuals, community and voluntary groups across Galway City.
As Mayor, I am encouraging individuals, community and voluntary groups to put forward nominees who have made a real difference to their community.
The Mayor's Awards provide an opportunity to acknowledge people who commit time and effort to make their community a better place. We all know people who despite their incredibly busy lives still find time to support neighbours, local groups and community in a very significant way. If there is an individual or group that deserves to be recognised for their efforts, please nominate them. On this, the nineteenth year of the Awards, I am looking forward to acknowledging and celebrating true community spirit as per the long-established Irish meitheal that brings communities together.
Despite challenging times throughout 2021 many people continued to make extraordinary efforts to continue their voluntary work. Galway City Council would like all volunteers to know their contribution is very much appreciated and that volunteering is celebrated for its inherent value to our society, helping to develop vibrant, inclusive and sustainable communities.
Galway City Council invites nominations for individuals or groups who are involved in voluntary activity taking place in the city in one of the following categories:

- **Arts, Culture, Heritage & Cúrsaí Gaeilge Award**
- **Residents and Local Areas Award**
- **Community Service and Social Inclusion Award (Individual Award & Group Award)**
- **Older Person Volunteer of the Year Award**
- **Sports Volunteer of the Year Award**
- **Children and Youth Support Award**
- **Young Volunteer of the Year**
- **Environmental Sustainability Award**
- **The Galway City Council Volunteer of the Year Award**

If you would like to nominate an individual or group for any of these award categories, you can complete an online nomination form at www.galwaycity.ie/MayorsAwardsNomination. Nomination forms are also available from City Hall and the City Libraries.

The closing date for online nominations is Friday, 1st April 2022 at 4pm.
Each of the award winners will receive a specially commissioned trophy and a payment of €500. All nominees will be presented with an individually designed Mayoral Certificate at the Awards Ceremony which will be held on Tuesday 24th May 2022 in the Galmont Hotel, Galway.

For further information on the Mayor's Awards please email mayorsawards@galwaycity.ie or telephone 091 536 358.